



Marine Institute
Foras na Mara

***Scéim Teanga
2014 – 2017
faoi Alt 15
d’Acht na dTeangacha Oifigiúil, 2003***

***Language Scheme
2014 – 2017
under Section 15 of the
Official Languages Act 2003***

CLÁR ÁBHAR

<i>Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra</i>	3
Moltaí a d'eascair as an athbhreithniú ar an gcéad scéim.....	3
Aidhmeanna an Dara Scéim Teanga 2014 – 2017.....	4
Ábhar na scéime.....	4
Dáta Tosaithe don Dara Scéim: 2014 - 2017.....	5
Forléargas ar Fhoras na Mara.....	5
Misean agus Feidhmeanna.....	5
Na Seirbhísí a Sholáthraímid.....	5
Réimsí Feidhme Fhoras na Mara.....	7
Ár gCustaiméirí.....	8
Oifigí Fhoras na Mara.....	8
<i>Caibidil 2: Modhanna Cumarsáide leis an bPobal</i>	9
Modhanna scríofa cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid leictreonach.....	9
Modhanna Cumarsáide Idirphearsanta.....	11
<i>Caibidil 3: Feabhsú na seirbhísí le soláthar go dátheangach</i>	13
Oiliúint agus Forbairt.....	13
<i>Caibidil 4: Monatóireacht agus Athbhreithniú</i>	15
<i>Caibidil 5: Poibliú na Scéime Comhaontaithe</i>	16
<i>AGUISÍN A: Suíomh Oifige agus Saotharlann an Fhorais</i>	17

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

Thosnaigh an céad scéim teanga d'Fhoras na Mara i mí Iúil 2009. D'ullmhaigh an Foras an dara scéim seo faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (“an tAcht”). Foráiltear le hAlt 15 den Acht seo go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go gcuirfear aon seirbhís nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge ar fáil i nGaeilge laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

Forálann Alt 12 den Acht go ndéanfadh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta treoirlínte a ullmhú agus go seolfadh an tAire na treoirlínte sin chuig comhlachtaí poiblí chun cuidiú leo agus a ndrúacht-scéimeanna á n-ullmhú acu. Tá an scéim dréachtaithe i gcomhréir leis na treoirlínte agus bunaithe ar na gealltanais uile atá á gcur i ngníomh trí aon scéim eile a bhí i bhfeidhm roimhe seo. I gcás na ngealltanais a tugadh sna scéimeanna a bhí i bhfeidhm roimhe agus nár cuireadh i ngníomh go hiomlán le linn tréimhse na scéimeanna sin, rinneadh na cúrsaí sin a phlé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

I mí Mheán Fómhair 2012 rinne Oifig an Choimisinéara Teanga an tIníúchadh Deiridh ar an gcéad scéim teanga. Is é seo a leanas achoimre ar an Iníúchadh sin.

“Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil le linn an phróisis, tá sé soiléir gur cuireadh an Scéim Teanga chun feidhme laistigh d'Fhoras na Mara agus go ndearnadh dul chun cinn sármhaith i rith shaolré na scéime maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge.

Léirigh an tIníúchadh gur baineadh amach gach dualgas a bhaineann leis an láithreán gréasáin, le preaseisiúintí, le bileoga faisnéise, le logainmneacha Gaeilge agus le hoiliúint Ghaeilge. Go deimhin, forbraíodh ábhair bhreise i nGaeilge le linn shaolré na scéime. Tugtar aitheantas ar leith do na hábhair oideachasúla a forbraíodh do scoileanna agus a cuireadh ar fáil i nGaeilge”.

I mí na Samhna 2012, chuir Foras na Mara lógó athbhreithnithe ar fáil d'oifig an Choimisinéara Teanga agus chloígh sé sin leis na rialacháin uile.

Moltaí a d'eascair as an athbhreithniú ar an gcéad scéim

- (1) Lámhleabhar um Shaoráil Faisnéise a chur ar fáil i bhformáid dhátheangach.
- (2) Is fiú a mheabhú nach mór d'aon chomharthaí nua a chuirtear in airde laistigh nó lasmuigh den bhForas cloí leis na rialacha, .i. Ní mór go mbeadh an Ghaeilge ar dtús agus í ar a laghad ar cóimhéid leis an téacs i mBéarla.

- (3) Ní mór go mbeadh gach comhartha inmheánach agus seachtrach, idir sealadach agus buan, dátheangach (an téacs i nGaeilge ar dtús, an téacs i mBéarla ina dhiaidh agus iad ar cóimhéid) faoi mhí an Mhárta 2013.
- (4) Tugadh mionearráid faoi deara sa pháipéarachas nua. Tagann “With compliments” roimh “Le dea-mhéin” ar an duillín dea-mhéine – ní mór é sin a cheartú.
- (5) Féachaint le polasaí a chomhaontú leis an rannóg Acmhainní Daonna, go bhfuil agus go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre aon oifige atá lonnaithe sa Ghaeltacht, ar aon dul le gealltanais a dtugtar ina leith sin sa ScéimTeanga.
- (6) Ní mór d’Fhoras na Mara an logainm oifigiúil do Ros an Mhíl a úsáid i ngach comhfhreagras agus foilseachán d’fhonn cloí leis an scéim.

Aidhmeanna an Dara Scéim Teanga 2014 – 2017

Bhí dhá phríomhaidhm ag Foras na Mara nuair a bhí an chéad scéim teanga á forbairt:

1. Caighdeán níos fearr de sheirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a chinntiú ón bhForas, faoi mar atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
2. Feasacht níos fearr a chur chun cinn i measc fhoireann Fhoras na Mara, meon dearfach i leith na Gaeilge a neartú agus, ar an tslí sin, atmaisféar an dátheangachais a chothú san eagraíocht le himeacht ama.

Cé go bhfuil na haidhmeanna sin ann go fóill, tá trí aidhm bhreise anois ann agus an dara scéim teanga á hullmhú .i.

1. An dul chun cinn a rinneadh sa chéad scéim a chothú
2. Aghaidh a thabhairt ar na sainmholtaí a tháinig as an athbhreithniú ar an gcéad scéim.
3. Sainaithint conas is féidir an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge i bhForas na Mara a fheabhsú don scéim 2014 – 2017.

Ábhar na scéime

Rinne Foghrúpa Acht na dTeangacha Oifigiúla (**Grúpa Gaeilge**) de chuid Fhoras na Mara maoirseacht ar ullmhú agus ar fhorbairt an dara scéim. Beidh lucht ard bhainistíochta an Fhorais freagrach as monatóireacht a dhéanamh dá réir, ar chur i bhfeidhm na scéime

Is iad cuspóirí an dara Scéim seo ná tógail ar an dul chun cinn atá déanta ó 2009 i soláthar seirbhísí ardchaighdeáin dár gcustaiméirí a bhfuil Gaeilge acu agus raon na seirbhísí atá ar fáil go dátheangach a leathnú thar shaolré na scéime. Mar sin féin, ní mór dúinn a chur san áireamh comhthéacs na seirbhíse poiblí atá i réim ag an am seo. I dtaca leis seo, d’fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ar leibhéal an dul chun cinn is feidir a bhaint amach de dheasca na srianta atá ann faoi lathair ar acmhainní agus ar earcaíocht san earnáil phoiblí agus staid an airgeadais phoiblí.

Cloífidh an scéim leis an tiomantas measúnú a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar an leibhéal éilimh atá ann i gcomhair seirbhísí trí mheán na Gaeilge agus a chinntiú go

leanann Foras na Mara ar aghaidh ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach beartaithe, soiléir agus inrochtana.

Leanfaidh Foras na Mara den leibhéal éilimh ar a chuid seirbhísí trí Ghaeilge a thomhas trí iniúchtaí rialta a chur i gcrích, trí chóras chun leibhéal na bhfiosrúchán/na n-iarratas i dtaca le seirbhísí trí Ghaeilge i dtréimhse ar leith a chomhaireamh/a thomhas. Mar sin féin, d'fhonn iarratais ar sheirbhísí a ghiniúint, sonródh Foras na Mara na seirbhísí a sholáthraíonn sé trí mheán na Gaeilge, agus forbrófar ardú feasachta i measc na mball foirne agus na gcliaint ina leith.

Tógann an scéim nua ar na prionsiobáil i leith Seirbhís Ardchaighdeán Chustaiméara agus leanfaidh sí le héascú a dhéanamh ar dhaoine ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh i nGaeilge, a mhéid a cheadaíonn na hacmhainní é.

Dáta Tosaithe don Dara Scéim Teanga 2014 - 2017

Cuirfear tús leis an dara scéim le héifeacht ó **06 Deireadh Fómhair 2014** agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndearbhaíonn an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

Forléargas ar Fhoras na Mara

Misean agus Feidhmeanna

Faoin Acht um Fhoras na Mara tá Foras na Mara freagrach as:

“gabháil do thaighde agus d’fhorbairt mara, iad a chomhordú, a chur chun cinn agus cuidiú leo agus na seirbhísí sin a sholáthar a bhaineann le taighde agus forbairt mara a chuirfidh, i dtuairim Fhoras na Mara, forbairt eacnamaíochta chun cinn agus a chruthóidh fostaíocht agus a dhéanfaidh an comhshaol mara a chosaint.”

Dá réir sin, is é Foras na Mara an ghníomhaireacht náisiúnta do thaighde, teicneolaíocht, forbairt agus nuálaíocht (RTDI) na mara. Oibríonn sé i dtreo cumas eacnamaíoch acmhainní mara na hÉireann a mheas agus a bhaint amach; forbairt inbhuanaithe thionscal na mara a chur chun cinn trí chlár mhaoinithe straitéiseacha agus seirbhísí eolaíochta riachtanacha; agus acmhainn mara nádúrtha na hÉireann a chosaint trí thaighde agus monatóireacht chomhshaoil.

Na Seirbhísí a Sholáthraímid

Clúdaíonn grinneall farraige na hÉireann suas le 220 milliún acra (thart ar 880,000 km²), achar atá níos mó ná deich n-uaire níos mó ná a hachar talún, agus dá réir sin breathnaítear uirthi mar cheann de na Stáit mhuirí is mó san Aontas Eorpach. Is é Foras na Mara an ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as forbairt inbhuanaithe na mórachmhainne mara sin a chur chun cinn trí mheán taighde, agus le comhairle bhainistíochta a sholáthar don tionscal, don Rialtas agus don Aontas Eorpach.

Cuimsíonn ár gcuid oibre raon suntasach seirbhísí a sholáthraímid go díreach don phobal, lena n-áirítear;

- Cláir náisiúnta um maoiniú forbartha agus taighde
- Measúnú ar an stoc éisc
- Seirbhísí sláinte éisc
- Monatóireacht ar shábháilteacht bhia na mara
- Monatóireacht chomhshaoil
- Oibríochtaí báid taighde
- Léarscáiliú ar ghrinneall na farraige
- Bainistíocht sonraí

Tá sonraí breise ar sheirbhísí Fhoras na Mara ar fáil sa treoirleabhar a fhoilsímid de bhun Alt 15 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, (ar féidir teacht air ar láithreán gréasáin an Fhorais: www.marine.ie).

Réimsí Feidhme Fhoras na Mara

Tá Foras na Mara comhdhéanta de chúig réimse seirbhíse agus Oifig an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin (POF). Soláthraíonn Oifig an POF treoir agus comhordú foriomlán ar ghníomhaíochtaí pleanála straitéisí agus taighde fadbhreathnaitheachta ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Oibríonn sí i gcomhar le grúpaí seirbhíse Fhoras na Mara agus le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

Áirítear i measc na réimsí seirbhíse:

Seirbhísí Corparáideacha

- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Cumarsáid
- Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise
- An Oifig um Thaighde & Maoiniú
- Saoráidí

Oifig Fhorbairt Mhara na hÉireann (IMDO)

- Forbairt Ghnó
- Anailís Mhargaidh
- Loingseoireacht Ghearrthuais
- Oideachas agus Oiliúint Mhuirí
- Clár Beartais
- Calafóirt

Seirbhísí Comhshaoil Mara agus Sábháilteachta Bia

- Sábháilteacht Sliogéisc
- An Cheimic Mhuirí
- Cáilíocht
- An tAonad um Shláinte Éisc
- Dobharshaothrú & Tógáil
- An tAonad um Monatóireacht Bheantach
- Comhairle Beartais agus Ceadúnaithe

Seirbhísí Comhairleacha maidir le hÉiceachórais Iascaigh

- Creat an AE um Bailiú Sonraí
- Acmhainn Iascaigh – Measúnú agus Comhairle
- Iascach Cois Cladaigh agus tacaíocht NATURA
- Ionsamhlú Samhaltaithe agus Pleananna Bainistíochta
- Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara
- Comhairle Éiceachórais nua a fhorbairt
- Éiceachórais Abhantraí
- Taighde Feidhmeach

Seirbhísí Eolaíochta agus Faisnéise Aigéin

- Aigéaneolaíocht agus Samhaltú Aigéin
- Ardseirbhísí Léarscáilithe Ghrinneall na Farraige
- Oibríochtaí Báid Taighde

- Seirbhísí Faisnéise & Forbairt
- Clár Ardteicneolaíochta

Ár gCustaiméirí

Léiríonn bonn custaiméirí Fhoras na Mara an raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí a thagann faoinár sainchúram. San áireamh i measc ár gcustaiméirí, tá: an tAire agus an tAire Stáit; comhaltaí den Oireachtas; ionadaithe poiblí áitiúla; an pobal; na comhlachtaí poiblí faoinár gcoimirce; comhlachtaí sna hearnálacha a bhfuilimid freagrach astu; daoine ar leith agus cuideachtaí a bhfuil caidreamh gnó díreach againn leo; Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile; an tAontas Eorpach; eagraíochtaí idirnáisiúnta; na meáin; agus grúpaí deonacha a bhíonn i dteagmháil leis an bhForas maidir lena gcuid leasa agus ábhar inní.

Oifigí Fhoras na Mara

Tá ceannoifig Fhoras na Mara lonnaithe i Rinn Mhíl, Órán Mór, Co. na Gaillimhe. Tá oifigí ag an bhForas freisin ag 80 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, agus ag An Fhoirnéis, Baile Uí Fhiacháin, Co. Mhaigh Eo, chomh maith le roinnt ionad calafort ar fud na tíre.

Tá liosta iomlán dár n-oifigí ar fad ar fud na tíre le fáil in ***Aguisín A.***

Caibidil 2: Modhanna Cumarsáide leis an bPobal

Bíonn Foras na Mara i mbun cumarsáide leis an bpobal sna slite seo a leanas:

- (1) Modhanna scríofa, lena n-áirítear cumarsáid leictreonach;
- (2) Modhanna idirphearsanta.

Modhanna scríofa cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid leictreonach

Léiríonn an tábla seo a leanas na modhanna éagsúla cumarsáide scríofa chomh maith le tiomantas an Fhorais maidir le cothú agus feabhsú pholasaí seirbhíse Gaeilge le linn shaolré na scéime seo:

Modhanna Cumarsáide	Tiomantas Seachadta na Seirbhíse Gaeilge	Pleananna don scéim nua
Foilseacháin Chorparáideacha, lena n-áirítear Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí, Lámhleabhair um Shaoráil Faisnéise (Alt 15 & 16)	Foilsítear agus leanfar ag foilsiú Tuarascáil Bhliantúil Fhoras na Mara i bhformáid dhátheangach. Foilsítear agus leanfar ag foilsiú Achoimre Feidhmiúcháin na Straitéise Taighde Mara dar teideal <i>Casadh na Taoide</i> i bhformáid dhátheangach. Freastalaíonn nós imeachta gearán Fhoras na Mara ar aighneachtaí i mBéarla agus i nGaeilge araon.	(1) Lámhleabhar um Shaoráil Faisnéise a sholáthar i bhformáid dhátheangach. Tabhair faoi deara: Is príomhmholadh é seo ón gCoimisinéir Teanga. (2) Aistrefar doiciméad a thiocfaidh i gcomharba ar <i>Casadh na Taoide</i> nuair a chuirtear i dtoll a chéile é nós deanaí i 2014 no go luath i 2015.
	Cuirfear foilseacháin chorparáideacha eile atá dírithe ar lucht léite seachtrach na Gaeilge ar fáil i bhformáid dhátheangach.	Leanfar lena leithéid seo.
Treoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais a bhaineann le scéimeanna/cláir/próisis aonair	Le linn shaolré na scéime, aithneoidh Foras na Mara roinnt príomhbhileoga eolais a chuirfear ar fáil i bhformáid dhátheangach. Áireofar leo sin bileog eolais ina dtugtar léargas ginearálta ar Fhoras na Mara, arb í an bhileog eolais is mó tóir uirthi i measc an phobail, agus ar a laghad príomhbhileog eolais amháin ó gach réimse seirbhíse laistigh d'Fhoras na Mara. Beidh siad ar fáil i bhformáid dhátheangach faoi dheireadh na scéime.	(1) Tá an Foras tar éis bróisiúr Fhoras na Mara a aistriú go Gaeilge agus tá sé ar fáil faoi na codanna réimse seirbhíse den láithreán gréasáin. Mar gheall ar an tóir ar an mbróisiúr i mBéarla, cuirfear líon beag bróisiúr Gaeilge i gcló freisin. Tabharfar fógra sa leagan Béarla go bhfuil sé ar fáil i nGaeilge agus <i>vice versa</i> . Déanfar na nuashonruithe seo nuair a bheidh an bróisiúr le cur i gcló arís (2014). (2) agus soláthar bileog eolais eile i bhformáid dhátheangach ó na réimsí seirbhíse ar leith.
Cáipéisí straitéise eile de chuid Fhoras na Mara	Cuirfear na foilseacháin seo – .i. seachas iad siúd atá clúdaithe faoi Alt 10 den Acht – ar fáil go dátheangach ar bhonn ginearálta. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an Foras a roghnú an achoimre feidhmiúcháin/moltaí a fhoilsiú i bhformáid dhátheangach.	Soláthraíodh leagan aistrithe de chuid “Our Ocean Wealth” (“ <i>Saibhreas Ár nAigéin</i> ”).

Preasráitis	Faoi dheireadh na scéime, cuirfeadh 30% de phreasráitis an Fhorais, seachas óráidí a eisíodh mar phreasráitis nó a ghabhann leo, ar fáil go dátheangach ar láithreán gréasáin an Fhorais agus mar chóip chrua. (Ní cuirfeadh agus a ghabhann le preasráitis ar fáil ach i dteanga oifigiúil amháin).	Leanfar lena leithéid seo.
Fógraí	Faoi dheireadh na scéime, foilseoidh Foras na Mara 30% dá chuid fógraí i bhformáid dhátheangach.	Leanfar lena leithéid seo.
Cumarsáid ríomhphoist	Beidh an séanadh caighdeánach ar chumarsáid ríomhphoist ann ar bhonn dátheangach.	A chinntiú go gcuireann Foras na Mara é seo chun feidhme i gcoitinne.
Óráidí	Cuirfeadh óráidí ar fáil sa teanga ina seachadtar iad.	Leanfar lena leithéid seo.
Iarratais ar Thairiscint	Cuirfeadh Iarratais ar Thairiscint ar fáil i mBéarla amháin, ach amháin má bhaineann an tairiscint le gnó Gaeilge.	Leanfar lena leithéid seo.
Láithreán Gréasáin	Cuirfidh an Foras 23% de láithreán gréasáin reatha Fhoras na Mara ar fáil i bhformáid dhátheangach faoi dheireadh na scéime. Baineann na leathanaigh sin go ginearálta le hábhar seasta ar an láithreán, a sholáthraíonn faisnéis maidir le Foras na Mara agus a chuid Réimsí Seirbhíse éagsúla, Próifílí Gairme, Taighde agus Forbairt s.rl.	Déanfar nuashonruithe ar na leathanaigh sheasta (m.sh. na leathanaigh ‘Eolas Fúinn’ / ‘Achoimre’, s.rl) ar láithreán gréasáin nua Fhoras na Mara (atá le hatsheoladh ag deireadh na bliana 2014) le linn an dara scéim.
Logainmneacha Gaeltachta	Cuirfidh an Foras na socrúithe riachtanacha i bhfeidhm chun a chinntiú go n-úsáidfidh an Foras logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta mar an réamhshocrú chun críocha oifigiúla i bhfoilseacháin an Fhorais, i mbunachair inmheánacha shonraí, s.rl.	Leanfar lena leithéid seo.
Foilseacháin Eile	Soláthrófar i mBéarla go ginearálta aon fhoilseacháin eolaíochta agus teicniúla a chuireann Foras na Mara ar fáil, mar aon le tuarascálacha sainchomhairleoirí, doiciméid atá dírithe ar léitheoirí lasmuigh den Stát agus doiciméid atá deartha go príomha le haghaidh úsáide inmheánaí m.sh. polasaithe Acmhainní Daonna, pleananna oiliúna agus forbartha.	Leanfar lena leithéid seo.

- Soláthrófar foilseacháin dhátheangacha faoi chlúdach aonair, ach amháin nuair nach mbíonn sé sin praiticiúil de bharr méid, cineál nó leagan amach an doiciméid. Sa chás go soláthraítear leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith, cuimseoidh gach leagan acu ráiteas ag sonrú go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile.

Modhanna Cumarsáide Idirphearsanta

Léiríonn an tábla seo a leanas na modhanna éagsúla cumarsáide idirphearsanta atá ann leis an bpobal chomh maith le tiomantas an Fhorais maidir le cothú agus feabhsú pholasáí seirbhíse Gaeilge le linn shaolré na scéime seo:

Modhanna Cumarsáide	Tiomantas Seachadta na Seirbhíse Gaeilge	Pleananna don scéim
Seirbhísí Teileafóin/ Lasc-Chláir	Is iad na fáilteoirí/oibreoirí lasc-chláir na céad phointí teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar pholasáí ag Foras na Mara a chinntiú go gcuirtear gnáthchleachtas Seirbhíse Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS) i bhfeidhm sa réimse seo, go mbeidh ainm an chomhlachta poiblí á thabhairt i nGaeilge ag foirne fáiltithe/lasc-chláir.	Leanfar lena leithéid seo.
	Beidh ar a laghad beannachtaí bunúsacha na Gaeilge ar eolas ag na foirne fáiltithe/lasc-chláir.	Leanfar lena leithéid seo.
	Tá socruithe oiriúnacha i bhfeidhm le gur féidir leo baill den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá á iarraidh a chur ar fáil i nGaeilge, nuair atá a leithéid ar fáil.	Leanfar lena leithéid seo.
	Is féidir le baill foirne aonair a gcuid teachtaireachtaí glórphoist a chur i nGaeilge, i mBéarla nó sa dá theanga agus spreagfar iad é sin a dhéanamh.	Spreagfar an fhoireann le roinnt Ghaeilge a chur ina gcuid dteachtaireachtaí glórphoist.
Saoráidí Fáiltithe	Tabharfar liosta don fhoireann fáiltithe de bhaill foirne an Fhorais i ngach rannóg/aonad atá in ann seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.	Coimeádfar é seo faoi athbhreithniú agus leanfar lena leithéid.
Polasáí maidir le Cruinnithe Poiblí	Reáchtálann an Foras formhór dá chuid cruinnithe poiblí i mBéarla. Nuair is cuí, áfach, cuireann an Foras baill foirne atá líofa sa Ghaeilge ar fáil do chruinnithe i gceantair Ghaeltachta nó chun déileáil le ceisteanna a bhaineann leis an nGaeltacht. Nuair atá cruinniú poiblí á eagrú ag Foras na Mara do phobal Gaeltachta, cuirfear seirbhísí ateangaireachta comhuaineacha ar fáil nuair nach féidir an cruinniú a reáchtáil trí mheán na Gaeilge.	Leanfar lena leithéid seo.
Oifigí sa Gaeltacht	Tá oifig amháin suite i gceantar Gaeltachta Chonamara ag Foras na Mara faoi láthair.	Tá oifig amháin suite i gceantar Gaeltachta Chonamara ag Foras na Mara faoi láthair agus leanfar leis an Ghaeilge mar theanga oibre na hoifige sin. Áirítear an tiomantas seo mar thosaíocht ard ag Foras na Mara. Thairis sin, sa chás go n-imíonn oibrithe le Gaeilge as na poist seo, cinnteoidh Foras na Mara go mbeidh iarrthóirí nua in ann an tiomantas seo a chomhlíonadh.

Córais Ríomhaireachta	<p>Tá córais ríomhaireachta Fhoras na Mara comhoiriúnach go hiomlán leis an nGaeilge. Beidh aon chóras nua ríomhaireachta a chuirfear ar fáil amach anseo go hiomlán comhoiriúnach leis an nGaeilge chomh maith.</p> <p>Níl aon seirbhísí idirghníomhacha ar líne ag Foras na Mara faoi láthair. Má thugann an Foras isteach seirbhísí den sórt sin amach anseo, tabharfar isteach iad go dátheangach agus go comhuaineach.</p>	Coimeádfar é seo faoi athbhreithniú agus leanfar lena leithéid.
-----------------------	---	---

Caibidil 3: Feabhsú na seirbhísí le soláthar go dátheangach

Ar mhaithe le seachadadh idirphearsanta seirbhíse Gaeilge a éascú ar leibhéal ginearálta, ba é príomhfhócas an Fhoras ina chéad scéim, cur leis an raon modhanna cumarsáide scríofa agus leictreonaí atá ar fáil go dátheangach agus ar inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt i measc na foirne. I gcleachtas, ciallaíonn sé sin go bhfuil ar a chumas ag an bhForas faoi láthair faisnéis ghinearálta faoin bhForas agus faoina chuid seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Tá an Foras tiomanta d'fhorbairt scileanna Gaeilge a spreagadh ar fud gach réimse den Fhoras ó bhonn measartha sa chéad scéim ar mhaithe le forbairt fhorásach seirbhíse Gaeilge duine le duine atá ar ardchaighdeán a éascú chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí dá leithéid sa dara scéim. Braithfidh sé sin ar an gcroíghrúpa foirne a bhfuil cumas leordhóthanach acu sa Ghaeilge agus a bhfuil muinín acu seirbhísí Gaeilge a sheachadadh ar bhonn idirphearsanta a mhéadú. Beidh tionchar chomh maith ag an éileamh iarbhir ar sheirbhísí idirphearsanta ar a fhairsinge ar féidir seirbhísí dá leithéid a fhorbairt.

Aithníodh na baill foirne agus na rannóga a bhfuil cumas acu déileáil le custaiméirí trí mheán na Gaeilge ar bhonn idirphearsanta le linn na céad scéime. Le comhaontú na foirne, cuireadh sonraí teagmhála ar fáil ar an liosta teileafóin, ar an gcairt eagraíochta agus ar an láithreán gréasáin do chustaiméirí. Cuirfidh sé sin le muinín an phobail maidir le hinfhaighteacht ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí trí mheán na Gaeilge agus freastalóidh sé ar an mbunéileamh atá ar sheirbhísí i nGaeilge.

Oiliúint agus Forbairt

Rinne an Rannóg Acmhainní Daonna, i gcomhairle leis an Oifigeach Gaeilge, measúnú ar na riachtanais éagsúla oiliúna agus forbartha faoin gcéad scéim. Tá na modhanna sin leagtha amach anseo thíos chomh maith le tiomantais an Fhorais maidir le cothú agus feabhsú pholasaí seirbhíse Gaeilge le linn shaolré na scéime seo:

<u>Modhanna Cumarsáide</u>	Tiomantas Seachadta na Seirbhíse Gaeilge	Pleananna don chéim nua
Oiliúint	Cúrsaí oiliúna Gaeilge cuí a chur ar fáil d'fhoireann uile an Fhorais, lena n-áirítear cúrsaí le linn gnáthuaireanta oibre, chun láithreach na foirne agus ábharthacht d'obair an Fhorais a uasmhéadú;	Leanfar lena leithéid seo a chur ar fáil.
	An scéim aisíoc táillí a chur chun cinn mar mhodh chun oiliúint Ghaeilge a spreagadh;	Aisíocfaidh an Foras 100% de na táillí le baill foirne a thugann faoi chúrsa Gaeilge.
	Comhairle a sholáthar don fhoireann maidir le raon na ranganna Gaeilge ar ardchaighdeán atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige (m.sh. cursaí tríú leibhéal sa Ghaeilge Gaelchultúr; Gael-Linn, Conradh na Gaeilge srl.);	Leanfar lena leithéid seo.

	Feasacht teanga a chur san áireamh mar chuid de chúrsaí oiliúna Ionduchtaithe agus Seirbhíse do Chustaiméirí, d'fhonn a chinntiú go dtuigeann baill foirne an fáth go bhfuil polasaí seirbhíse Gaeilge á fhorbairt ag an bhForas, go dtuigtear comhthéacs agus cúlra an pholasaí agus go bhfuiltear go hiomlán ar an eolas faoin tionchar a bheidh ag an polasaí ar a a gcuid oibre;	Leanfar lena leithéid seo.
	Gach cúrsa, lena n-áirítear cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí a seachadtar trí mheán na Gaeilge, a mheasúnú ar bhonn rialta chun a fháil amach cé chomh héifeachtach is a fhreastalaíonn siad ar aidhmeanna an Fhorais trí phróiseas meastóireachta cúrsaí;	Leanfar lena leithéid seo.
	Leanúint ar aghaidh le breis oibríthe deonacha a lorg chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar ar fud an Fhorais de réir mar a fhorbraíonn an cumas Gaeilge ann. Le comhaontú na foirne, aithneofar na baill foirne ar bhealach cuí ar liostaí teileafóin, ag an deasc fáiltithe agus ar an gcairt eagraíochta agus beidh a gcuid seoltaí ríomhphoist san áireamh faoi na rannóga ábhartha ar an láithreán gréasáin;	Leanfaidh sé seo ar aghaidh.
	Socrúithe a chur i bhfeidhm chun ócáid bhliantúil Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh mar is cuí san Fhoras agus naisc a fhorbairt le hócáidí ábhartha eile;	Leanfar lena leithéid seo agus cuirfear chun cinn é.
	Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann chun gníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla a úsáid ar mhaithe le forbairt scileanna Gaeilge na foirne a spreagadh.	Leanfar lena leithéid seo agus cuirfear chun cinn é.
Earcaíocht agus socrúchán	Cinnteoídh an Foras go ndéanfar líon dóthanach foirne a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu a earcú agus a choinneáil agus go dtabharfar tacaíocht dóibh trí oiliúint laistigh den Fhoras ar mhaithe le forálacha an Achta a chomhlíonadh.	Leanfar lena leithéid seo.
Acmhainní Teanga	Beidh rochtain éasca ag an bhfoireann ar fad ar acmhainní faisnéise agus teanga, m.sh. foclóirí, i bhformáid leictreonach agus mar chóip chrua araon.	Leanfar lena leithéid seo agus cuirfear chun cinn é.
Seirbhísí Aistriúcháin	Le héifeacht ó thús na scéime, beidh liosta á chothabháil ag an Rannóg Cumarsáide agus ag Oifigeach Gaeilge an Ghrúpa Gaeilge laistigh den Fhoras de na cuideachtaí agus na daoine uile a chuireann seirbhísí aistriúcháin ar fáil. Beidh seirbhísí tacaíochta TF, ar nós bogearraí seiceála litrithe, ar fáil laistigh den Fhoras.	Leanfar lena leithéid seo.
Féiniúlacht Chorparáideach	Soláthraítear stáiseanóireacht an Fhorais, ar nós páipéar ceanteidil agus duillíní dea-mhéine, i bhformáid dhátheangach.	Leanfar le glacadh an lógó dhátheangaigh nua ar dhoiciméid pháipéarachais uile.

Caibidil 4: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Rinne Foras na Mara, i gcomhairle leis an Oifigeach Gaeilge, measúnú ar na riachtanais a bhaineann le monatóireacht agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dara céim den Scéim Gaeilge ag eascairt as an gcéad chéim den scéim. Tá na modhanna sin leagtha amach anseo thíos chomh maith le tiomantais an Fhorais maidir le cothú agus feabhsú pholasaí seirbhíse Gaeilge le linn shaolré na scéime seo:

Modhanna Cumarsáide	Tiomantas Seachadta na Seirbhíse Gaeilge	Pleananna don chéim nua
Monatóireacht agus Athbhreithniú	Soláthróidh an tOifigeach Gaeilge tacaíocht agus cúnaimh do réimsí uile an Fhorais maidir leis na tiomantais atá cuimsithe sa scéim agus beidh freagracht iomlán air/uirthi as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Achta agus na Scéime san Fhoras.	Leanfar ar aghaidh leis seo.
	Cuirfidh na Stiúrthóirí Réimse Seirbhíse an fheidhm mhonatóireachta agus an cur i bhfeidhm laethúil i gcrích i ndáil leis na rannóga a bhfuil siad freagrach astu.	Leanfar ar aghaidh leis seo.
	Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge monatóireacht ar bhonn rialta freisin ar sholáthar agus éileamh na seirbhísí Gaeilge ar fud réimsí uile an Fhorais.	Leanfar ar aghaidh leis seo.
	Tabharfaidh an tOifigeach Gaeilge tuairisc maidir le dul chun cinn don Choiste Comhpháirtíochta, don Ghrúpa Gaeilge agus don Choiste Bainistíochta gach sé mhí.	Leanfar ar aghaidh leis seo.
	Cuirfear dul chun cinn ar scéim an Fhorais san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Fhorais.	Leanfar ar aghaidh leis seo.

Caibidil 5: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar ábhar na scéime seo a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- Scaipeadh ar chomhlachtaí cuí agus
- Foilsiú na scéime ar láithreán gréasáin an Fhorais.

Táthar tar éis cóip den scéim seo a chur ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga agus chuig gach duine a rinne aighneachtaí chuig an bhForas i gcomhthéacs fhorbairt na scéime seo.

Is é an leagan Béarla bunchóip na scéime seo.

AGUISÍN A: Suíomh Oifigi agus Saotharlann an Fhorais

Tá Ceannoifig an Fhorais suite i **Rinn Mhíl, Órán Mór, Co. na Gaillimhe. Teil.: 01-387200**

Tá oifigí, saoráidí taighde agus oifigí calafoirt ag an bhForas ar fud na tíre chomh maith, mar seo a leanas:

80 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Teil.: 01-4766500

An Fhoirnéis, Baile Uí Fhiacháin, Co. Mhaigh Eo
Teil.: 098-42300

Oifig Calafóirt agus Saotharlann na gCealla Beaga
Teil.: 074 9741871

Oifig Calafóirt agus Saotharlann Bhaile Chaisleáin Bhéarra
Teil.: 027 71761

Oifig Calafóirt agus Saotharlann Dhún Mór Thoir
Teil.: 051 385011

Oifig Calafóirt agus Saotharlann Cheann Chlochair
Teil.: 041 9889788

Oifig Calafóirt agus Saotharlann **Ros an Mhíl (sa Ghaeltacht).**
Teil.: 091 572584